

Féilire na n-éan. MÍ IÚIL

Bhí na héin le clos, gach maidin roimh éirighe gréine, le trí mhí anuas. Chualas iad roimh breacadh an lae agus an ghealach sa spéir. Bhí an t-aer lán de cheol agus i n-aon bhall beag amháin. Bhí smól agus lon agus dreoilín agus spideog, cuach agus tradhnach le clois agus an crotach. Bhí na héin bheaga ar fad ag ceol ar séirse agus bhí spreacadh ina gceileabhar aca nach mbíonn ann faoi sholus an lae. B'fhéidir gur dhá cheapadh bhím, ach creidim go mbíonn fuinneamh sa gceol uaireanta thar a chéile, ag cuid de na héanacha.

Béidh an ceol maidne ag dul ar gcúl do réir a chéile, ó thus mí Iúil, mar béidh na ceoltóirí móra ag éirighe as an bportaidheacht ar fad. Is gearr go mbeidh smólach is lon ina sost agus mórán de na gealbhán. Béidh na luin óga craosacha a'milleadh sughanna agus seiríní. Beidh sgáth ortha go ceann achair imtheacht ón bhfasgadh agus ní call dóibh imtheacht ar lorg beatha. Ní bhíodh aon chór ann, le fáilte a chur roimh breacadh an lae. Ní hamhlaidh a thagas sort ortha i n-éinfheacht, is i ndiadh a chéile a éirigheas said as an gceileabhar. Cloisfear cóir lón amach go lár na míosa agus corr smólach go deire na míosa, agus cloisfear iad seo corr uair, riabhóg, tradhnach, dreoilín easpuig, gealbhán bhuidhe, dreoilín, spiodeog, cuach, gealbhan gobreamhair, riabhóg móna, túirne lín, fuiseog. Agus cloisfear lasracha coille agus fainleóga ar a ndícheall, agus an ghilphíob. Tá spéis ar leith sa bhfuiseoig, mar bíonn sí ag ceileabhar sa spéir agus tá an gilphíob spéireamhail mar ghníonn sé rinne spéire agus ceol i n-éinfheacht.

Béidh an t-ubhallghort lán d'éanacha, idir sean agus óg i lár na míosa. Béidh na meangláin agus na meanntáin ann – trí chineál de na meanntáin, béidh an tif teaf ann, mar bheadh éinín sidhe sa duilleabhar, béidh ál an ghealbháin chátha ann ag éidheamh beatha, cloisfear an fháinleog san aer agus chidfear cibín bán an gealbháin bhinne, agus é ag sginneamhaint idir na crainnte. Na dreoilíní a leigeadh amach i mBealtaine feicfear iad ag fátáilt faoi na tomacha, agus tá ál eile ina sgaltáin dearga sa tom fiúise, ag an sean-phéire. Tiocfaidh an ghealbhan cuilinn isteach sa ngarrdha corr lá. Ní dhéanfaidh sé chomhnaidhe againn go dtí an geimhreadh. Tá cluiche lasracha coille sa gcrann ubhall, agus sealgaire cuil na aonar, ar mhullach crainn.

Tá na broigheallacha óga ar bharr na gcrann go fóill, ar Oileán na mBroigheall i Loch Fhada. Is mó ná lachain mhóra iad ach níl neart acu imtheacht as na neadracha go mbeidh na sgiatháin fásta. Is maith atá a dtógáil saothruighthe ag na sean-éanacha, ag tabhairt beatha éisg chuca ón bhfairrge, atá seacht míle ón loch.

Tá an loch fhéin lán de bhric ruadha, ach ní minic a ghníos na broigheallacha iasgach as an loch cor ar bith. Má shiubhlair isteach ar an oileán faoi na crainnte, bhuaifidh sgannradh na héin óga agus leis an unfairt a bhíos aca sa nid caithfidh siad aniar as an iogán an t-iasg ina chraiceann agus faoi na lanaí. Is mór an trácht a bhíos idir farraige agus loch go mbéidh na háil tógtha. Chidhfeadh tú na sean-bhroighill ag teacht agus ag imtheacht ar feadh an lae.

Má ghnír faire ón mbruach chídhdhídh tú, nuair a thuirlingeann sean-éan ag an nid go bhfosgluigheann sé a ghob mór fairsing, agus go sáthann an t-éan óg a ghob féin siar i sgrugall a' tsean-éin, go dtarraingeann sé aniar as an iogán lán an t-iasg a marbhuigheadh sa bhfairrge.

Aonduine a mbeidh turas dhá dhéanamh aige ag Loch Dearg, bhéarfaidh sé faoi deara na glasóga sráide, atá ar an oileán beannuighthe. Is beag éan eile a bhíos le feicéal ar an oileán. Imthigheann spideog agus dreoilín agus gealbhan le coimhthigheas roimh an bplód mór daoine, ach fanann na glasóga le dánaidheacht. Chídfead iad ar leabhaidh Bhrighde, agus ar leic na fuinneóige, ag an tigh aoideachta, agus ag béal na tuinne ar an gcladach, nuair a bhéas an turas dhá chríochnú agat gan sgáth ná eagla orthu. Fanann an t-ál agus na sean-ghlasóga le chéile tamall maith. Cuileoga is beatha díob agus chídheas iad ar an bhfód lom ar fud na bpáirce. Sgapfaidh said óna chéile ar ball agus tógfaidh said na bóithre ortha féin. Is deacar míle bóthair a thaisteal gan glasóig shráide, a fheicéal agus is dócha gur ar a ngrádh do na bóithre a baisteadh iad. Cidhfir na lúnadáin ar an loch má thaobhuigheann tú na giolcacha ag Poll an tSagairt. Bhí an nead ar an uisge domhain i lár na giolcaighe agus tá na héin óga dhá dtabhairt amach ar marcaigheacht ar an ngloin faoi láthair. Éan choimhthigheach ar fadh atá sa lúnadán mór an chorráicín, agus mara bfanair go socair ag faire, i n-aice le na ghnáthóig ní bhfuighfaidh tú radharc maith uirthé. Is fiú duit na bealaigh coimhthigheacha atá aige a thabhairt chun cruinnis. An fhaoch agus an fhaochain is minice a tugtar air ar Loch Coirib.

Kestrel.

- 4 gealbhan, finch bunting sparrow
- 11 riabhóg hedge sparrow
- 2 dreoilín easpuig
- 12 Riabhóg mhóna
- 5 gealbhan gobh-reamhar
- 15 túirne lín
- 6 gilpbíob
- 9 meanglán
- 10 meanntáin
- 14 tif-teaf chiffchaff
- 7 lasair coille
- 3 gabhlán binne
- 13 sealgaire cuileog
- 4a gealbhan cuilinn
- 5a glasóg shráide
- 8 lúnadán mór an coirraicín
- 1 broigheall
- 1928 sealta fáinleog cruinnighthe ar sreangán telegram

Lugnasa

- 1931 3 Ceolaire sailighe ag ceol agus Lug. 5 1933
- 6 Lasair coille ag ceol go binn

	10	cainnt na bfaoileán
	28	ceolaire sailighe ag ceol
1932	14	fáinleóga
1934	14	cluiche gealbhán fochanán sa ngarrdha
	15	cluiche dreoilíní easpog
	19	gabhlán binne – gaota fada
	25	fainleoga – ál óg sa nead san ngarrdha.
1933	4	gleoiseach ag ceol
	18	gealbhan an ghuib reamhair
	30	tráigh na bForbacha

Daglish

An fhuisseog

Fáinleoga

1928	Spideog agus dreoilín ag ceol
	Ál ag fainleoga
27	An cnáchóg i nÁrainn

Cloch bhisigh (precious stone)

Buidhe kestrel

Rua sparrow

Gorm peregrine

Is líonmhaire na seabhaic faoi láthair, ná aon am den bhlian, agus is mó an riar feola atá uatha.

Is i lár an tsamhraidh agus i dtús an fhóghmhair a bhíos líon na n-éan ar a mhéid. Imreochaidh imirce agus cruathan droch aimsire, díothú orthu ar ball agus sa mí seo féin agus béidh slad dhá dhéanamh orthu ag foghléairí. Tá cuid de na héanacha féin ina sealgairibh mar atá na seabhaic agus is fíor go mbíonn feoil shaor le fágháil aca i mí Lughnasa. Tá na háil óga ag obair as a stuaim féin, agus gan an chríonnacht fós aca a d'fhoir ar na sean éanacha a thóg iad. Níl siad sathach glic fós ná sáthach mear, leis an seabhac a sheachaint agus is iomdha slám clumhaigh a chíos duine, le hais an chasáin, san áit an chlumhaigh seabhac a sheilg, cos, ceann ná cnámh ní bheidh le feicéil. Sluigeadh iad nó tugadh an corpán cluimhighe go dtí na cinn óga.

Tá glean ar chúlaibh na mBeanna Beola, Gleann Carbad. Gleann cumhang, fada, uaigneach idir dhá réimise cnoc. Ar an taobh ó dheas, atá beanna chomh dian leis an aill, beagnach. Is annseo atá Beann Fraoigh agus is gnáthóg an beann seo, ag na cearca fraoigh. Tá gnáthóg ag an seabhac seilge, le hais na háite, agus shul má labhrúigheann na gunna, ar an dara lá déag, bíonn a gcíos bailighthe ó na cearca fraoich ag na seabhaic mhóra. Ní ins an bhfraoch a mharbhuigheas an seabhac seilge an chearc fhraoigh, ach thuas san aer agus í ar eilteoig. Nuair a fheiceas sé an chearc fhraoigh ag eiteall thairis amach, leanann sé í agus an dhá luath is a airigheann sí an tóir ina diadh, méaduigheann sí san eilteoig le sgannradh. Is mire an t-éan an seabhac ná í.

Tagann sé os a cionn agus buaileann sé anuas ar an druim í, le na chrúba. Ní fágann an buille sin striug innte, agus tuiteann sí go talamh, amhail is dhá mbuailtí d'urchar í. Tagann an seabhac anuas agus má bhíonn contubhairt ar bith in aice leis, tógfaidh sé an tseilg leis greamuighthe ina chrúba. Is é an seabhac mór seo an sealgaire éin is mó atá anois againn. Is iomadha "carraig iolraigh", agus "log iorlaigh" agus "nead iorlaigh" atá fós i measg na gcnoc, gan ionnta ach áiteacha a mbíodh iolrach fadó. Tóruigheann an seabhac mór éanacha, chomh mór leis fhéin. Chonnachtas ceann aca sa tóir ar roilligh os cionn na fairrge, inaice le Fidhinis. Nuair ba chruaidh leis an roilligh, d'ísligh sí ar an bhfarraige – cé go n-abruighítear nach bhfuil snámh aice – ón am ar thug sí an cleite snámh ar iasacht, don fhaoileán. Nuair a luigh sí ar an uisce shíl an seabhac í a bhualadh, ach chuaigh sí faoi'n bpoll glan. Nuair a tháinig sí aníos, d'ionnsuigh sé arís í, ach thug sí an poll uirthé féin arís agus b'éigin don seabhac imtheacht leis.

Nuair a thráigheann an taoille, bíonn sileadh na abhann le feicéal, tuille agus céad slat taobh amuic den t-snáth mara, ar chladach na bhForbacha. Tig faoileáin agus éanacha tráigh, ag cuartú agus ag piocadh ag béal na habhann. Tá grinneall na h-abhann lán de chlocha a bhfuil feamainn greamuighthe díob, agus iasgáin a fágann na héin, greamanna blasta sa bhfeamainn agus san tsruth tanaidhe. Glacann na faoileáin an obair go réidh agus fanann ar an tráigh go dtig an t-iasgán go barr uisce. Ní hé nach bhfuil said craosbach amplach, ach níl an dúthracht fuinneamh ionnta, chun cuarduighthe atá ins na héanacha eile. Breathnuigh an roilleach amuich, ag béal na tuinne, ag baint diúilcíní den leic, agus an tonn dá chur de phreib san áer, nuair a bhuaileann a' t-uisge, as cionn na gcos fada, fán gclumhach í. Tá an gob fada a stracadh diúilcín den chloch, agus dá mbrúghadh go mbaineann sí an t-iasgán as an slige, an bháirneach gan phlaosg. Tá chuiche beag feadóg fáinneacha, ar na clocha feamaine, ag imirt le chéile agus a cuartú gach ré seal. Níl gíoc as éan ar an tráigh, ach amháin an ladhrán dearg, agus tá sé sin go greadannta. Is air a thugann foghláeirí "an spíodóir," mar nuair a bhíos siad ag iarraidh teacht anuas ar na feadóga buidhe, agus ar na lachain, fógruigheann an ladhrán dearg go bhfuil an námha ar fágáil. Tá préachán dubh ar colbha an tsrutha ag súil le iasgán. Tá sé bréan de na fataí nua. Is mó an gliocas atá ag an bhfionnóg ná ag an bpreachán dubh. Baineann sí diúilcín den leic de stracadh, ach níl an gob sáthach teann le na phléasgadh.

Tá péire eile ag cuartú gaineamh na tráigha, a faire na lug a bhíos a borradh aníos ag béal na tuinne. Aimsigheann éan acu an péire agus sé a dhícheall é a tharraingt as an ngainimh. Cuireann an iarracht ag rinne é. Tá na cosa ag imtheacht chomh mear leis a ngob.

Tógann an diúilcín ina béal agus éirigheann sí go h-árd san aer go leigeann sí don diúilcín tuitim, ar an leic le na phléasgadh. Déanfa sí an cleas céadna leis an ruacan. Tá éanacha bheaga ag cuartú an tsnátha mara, mar tá an fheamainn tirim lán le draincaidí mara. Tá an riabhóg chladaigh ann agus péire glasóg shráide. Tá seal mór crotach ag teacht isteach ó na léantracha. Caitheann said an saoghal a sealaidheacht idir cladach agus tír. Níl na druideoga annseo indiu, ach is minic dóibh cuart a thabhairt ar an gcladach. Is cosmhail go n-éirigheann mórán de na héanacha bréan den gnáth-bheatha agus gur maith leo blas a éisg fhághail corr-uair.

Deir na hughdair go mbíonn na h-éin cheoil ina sost i mí Lughnasa. Is beag nach bhfuil an ceart ar fad ag na hughdair san méid sin. Tá an mhí seo go h-uaigneach gan port lúin ná smólaigh. An ghrian féin ní fhághann sí fáilte mar gheibheadh sí dhá mhí ó shoin. Tá éanacha ann a sheinneas go binn ar feadh na míosa. Cloisim an lasrach coille ag ceol go minic. Fanann an t-ál óg i néinfheacht leis na sean-éanacha, sgathamh fada agus is gleote daithe an radharc iad, ag piocadh síolanna sa móinfhéar nó sa ngairdín. An ceolaire sailighe ó thus na míosa go dtí an deire, nuair a thig tráth na himirce. Chualas an spideog agus an dreoilín ag portaidheacht, ar cobhla choill na bhForbhacha, sa mí seo, agus tá ceol na bhfáinleog ina sheagh faoi láthair. Tá an t-aer lán dá cheol siúd na leathannta seo.

Tá giolcach mhóir i Loch Coirb, sa mbléin adir Mucros agus Seanchill. Bíonn an ghiolcach seo beo le míoltóga agus is maith leis na fáinleóga sgrúird a thabhairt ós a chionn. Sgiobhadh na míoltóg de réir mar éirigheas said, de chanach na ngiolcacha. Tá fáinleóga fós ina sgaltáin ins na neadracha agus gabhláin bhinne, ach an méid atá tógtha aca cruinnigheann said féin agus na sean-éanacha, i néinfheacht ag seilg, agus tagann na céadta anuas chun sgíth a leigean ar na sreagáin telegrafa.

Tá óige na bliana imighthe, ach níl na héin óga ar fad tógtha fós. Tá ál na circe uisge sa gcoiléar agus iad lag coimthigheacht go foill. Má thaobhuigheann tú bruach an choiléir, rachaidh siad fán bpoll as amharc. Tá ál an ghabhláin bhinne sa nid ag fuinneog ár seomra leaptha.